



*Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh:*

Beartas agus Straitéis maidir leis  
na hEalaíona Traidisiúnta 2018

## Cur Síos Ginearálta agus Comhthéacs

Cuimsítear leis na healaíona traidisiúnta in Éirinn ceol, amhráin, damhsa agus na healaíona ó bhéal, ina n-áirítear scéalaíocht agus foirmeacha Gaelacha ar leith cosúil le agallamh beirte agus lúibíní. Cuireadh na foirmeacha ealaíne seo i láthair ó bhéal leis na cianta, agus mar sin bhí siad i gcónaí mar chuid den chleachtas agus den stór ealaíonta roimhe seo.

Aithníonn an Chomhairle Ealaíon na healaíona traidisiúnta mar thraidisiún beo a bhfuil cleachtas cruthaitheach-ealaíon comhaimseartha mar shaintréithe de. Is é ról na Comhairle Ealaíon sna healaíona traidisiúnta infheistiú ina leanúnachas agus ina hathrú de réir mar a thógann sí treonna nua agus úra i dtaca le comhdhéanamh, ag cothú teicníce agus stóir agus ag oiriúnú go cruthaitheach do thimpeallachtaí agus tionchair nua ealaíonta.

Féachann an Chomhairle Ealaíon lena chinntiú go mbeidh rochtain ag gach leanbh agus duine fásta ar thaithí d'ardchaighdeán sna healaíona traidisiúnta, agus go mbeidh deiseanna acu na healaíona traidisiúnta a chleachtadh agus meas a bheith acu orthu, agus é mar aidhm sa deireadh thiar an éagsúlacht réigiúnach shainiúil atá laistigh den fhoirm ealaíne a chaomhnú agus a chur chun cinn do ghlúnta amach anseo.

Sainníonn an Chomhairle Ealaíon dhá réimse tosaíochta beartais in [Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: an t-ealaíontóir](#) agus [rannpháirtíocht an phobail](#). D'fhoill na réimsí tosaíochta sin a chur ar fáil sna healaíona traidisiúnta, glacfaidh an Chomhairle an cur chuige seo a leanas sna trí bliana seo romhainn.

## Ealaíontóirí Traidisiúnta

Déanann an Chomhairle Ealaíon idirdhealú idir riachtanais an ealaíontóra traidisiúnta aonair agus iad sin as grúpaí traidisiúnta; féachann sí ar an ealaíontóir traidisiúnta aonair mar chlochmhíle na n-ealaíon traidisiúnta. Is é an príomhrud a bhíonn ag déanamh cúraim d'ealaíontóirí traidisiúnta aonair ná go bhfaighidís an tacaíocht ábhartha chun a ngairmeacha beatha mar ealaíontóirí a fhorbairt agus a chur chun cinn.

Caithfidh cleachtóirí ealaíon traidisiúnta an spás agus an deis a bheith acu a gcleachtas ealaíonta a fhorbairt i réimsí mar chleachtas cumadóireachta, comhoibriú cruthaitheach le healaíontóirí traidisiúnta eile, léiriú comhoibritheach/comhléiriú, comhoibriú idirdhisciplíneach le foirmeacha ealaíne eile, agus léiriú saothar ar scála.

Mar gheall ar chomh gearrthéarmach leis an bpleanáil gairmeacha a bhaineann leis an ngeilleagar gigeanna d'ealaíontóirí traidisiúnta bíonn dúshlán i gceist. Baineann roinnt de na príomhthosca a chuireann cosc ar ealaíontóirí traidisiúnta ó fhorbairt gairme níos uailmhianaí agus fadtarmaí le tiomantais/pleananna tuismitheoireachta, bainistiú gairme, margaíocht agus cur chun cinn, agus an úsáid as teicneolaíochtaí nua.

Tacaíonn an Chomhairle Ealaíon le healaíontóirí traidisiúnta go haonair agus mar ghríosóirí agus mar cheannairí ar thionscadail chruthaitheacha. Is féidir le healaíontóirí traidisiúnta leas a bhaint as tacaíochtaí díreacha trí [Scéimeanna agus Dámhachtainí Ealaíontóirí](#) atá ceaptha chun deis a thabhairt d'ealaíontóirí aonair a gcleachtas sainiúil féin a

iniúchadh agus a fhorbairt. An chomhpháirtíocht [Ealaíontóirí Traidisiúnta Cónaithe](#) le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh ina dtugtar deis d'ealaíontóirí aonair a gcleachtas féin a fhorbairt agus oibriú le pobal i gcoitinne. Tá [An Scéim Camchuarite](#), [Dámhachtainí Tionscadail](#) agus [Maoiniú Deontais do na hEalaíona](#) deartha chun tacú le tionscnaimh faoi stiúir an ealaíontóra as a gcruthaítear saothair nua ealaíonta do lucht féachana, chun stór tábhachtach a iniúchadh agus a nochtadh, agus modhanna spéisiúla tarchuir. Is gné thábhachtach agus leanúnach de shaothar cruthaitheach ealaíontóirí traidisiúnta é taighde ealaíonta, agus tugann an Chomhairle Ealaíon tacaíocht dó sin trína hinfheistíocht [Maoiniú Straitéiseach](#) in acmhainní cartlainne agus i dtaifeadadh cartlainne de chleachtas comhaimseartha. Infheistíonn an Chomhairle Ealaíon i dtionscnaimh thaifeadta agus foilseacháin freisin, chomh maith le gnéithe den bhonneagar ealaíon atá riachtanach d'ealaíontóirí traidisiúnta lena saothar a chur i láthair, cosúil le hionaid tionóil thiomnaithe agus féilte.

***Agus í ag tabhairt breis tacaíochta d'ealaíontóirí, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na nithe seo a leanas as seo go ceann trí bliana:***

- Forbróidh sí clár nua meantóireachta d'ealaíontóirí traidisiúnta atá ag teacht chun cinn ionas go bhfaighidh siad tacaíocht ina bhforbairt ó ealaíontóirí a bhfuil saineolas agus aitheantas eisceachtúil acu ina réimse.
- Cuirfidh sí deiseanna ar fáil chun taithí agus foghlaim a roinnt ó bheith ag obair i gcomhar lena chéile.
- Soláthróidh sí sásraí a thacaíonn le céim forbartha thionscadail mhórsála.
- Déanfaidh sí coimisiúnú ar thaighde maidir le riachtanais ealaíontóirí traidisiúnta ó thaobh forbairt ghairmiúil agus dul chun cinn gairm beatha (lena n-áirítear saincheisteanna cothromaíochta inscne agus aistriú eolais agus scileanna).

## Rannpháirtíocht an Phobail agus na hEalaíona Traidisiúnta

Cuirtear luach ard laistigh de na healaíona traidisiúnta ar tharchur, aitheantas do fhoinsí, agus sult a bhaint as stór, scileanna agus foghlaim a roinnt. Tá go leor ealaíontóirí traidisiúnta tiomanta do shaol ealaíonta a n-áit dhúchais, agus obair chun eolas a chur chun cinn maidir lena dtraidisiúin réigiúnacha faoi seach.

Tá rannpháirtíocht mhór dheonach sa phobal, go háirithe i gceantair thuaithe, ó thaobh scoileanna séasúracha agus imeachtaí féilte a eagrú a dhíríonn go minic ar rannpháirtíocht an phobail i dtaibhléiriú. Mar sin féin, ní mór aird a bheith freisin ar lucht éisteachta a fhorbairt do na healaíona traidisiúnta, go háirithe chun oibriú le saothar ealaíontóirí eisceachtúla aonair.

Trína [Maoiniú Straitéiseach](#), tacaíonn an Chomhairle Ealaíon leis an mbonneagar riachtanach a theastaíonn chun na healaíona traidisiúnta a chothú agus a fhorbairt in Éirinn.

Trí [Thionscadail](#), [Maoiniú Deontais do na hEalaíona](#) agus [Scéim Infheistíochta na bhFéilte](#) tugann an Chomhairle Ealaíon tacaíocht dhíreach d'fhéilte ealaíon tiomanta agus do thionscnaimh eile a chumasaíonn rannpháirtíocht phoiblí ar ardchaighdeán agus an sult a bhaineann an lucht féachana as na healaíona traidisiúnta. Oibríonn sí freisin

le coláistí chun cláir chónaitheachta d'ealaíontóirí traidisiúnta a reáchtáil a sholáthraíonn taithí sna healaíona traidisiúnta do mhic léinn tríú leibhéal agus deiseanna d'ealaíontóirí a gcleachtas féin a fhorbairt.

Tá an Chomhairle Ealaíon meáite an lucht féachana do na healaíona traidisiúnta a leathnú agus a éagsúlú, ón éisteoir ar spéis leis iad go dtí an rannpháirtí agus an cleachtóir.

***Agus rannpháirtíocht an phobail á forbairt tuilleadh, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:***

- Coimisiúnóidh sí taighde ar an mbearna a chruthaítear le leibhéal dhifriúla tumtha, eolais agus nochta do na healaíona traidisiúnta (ó nochtadh luath go dtí iontrálaithe nua).
- Cruthóidh sí straitéis chun an lucht éisteachta a fhorbairt, agus tuiscint agus meas ar na healaíona traidisiúnta.
- Infheisteoidh sí i ngníomhaíocht a bhfuil tionchar réigiúnach aige agus a rannchuidíonn le cruthú mol ealaíonta a chuidíonn chun deiseanna ar feadh na bliana a choimeád chun a bheith rannpháirteach sna healaíona traidisiúnta agus chun iad a léirthuiscint.
- Spreagfaidh sí comhoibriú ealaíonta idir-réigiúnach chun dul i ngleic le deiseanna rannpháirtíochta agus dúshlán a bhíonn le sárú ag pobail ealaíonta difriúla.

## Réimsí Forbartha a bhaineann go sonrath leis na hEalaíona Traidisiúnta

Bíonn tionchar ag raon saincheistanna eile a bhfuil ábharthacht straitéiseach ar leith acu do na healaíona traidisiúnta ar an réimse d'ealaíontóirí traidisiúnta agus lucht féachana i gcoitinne.

Tá borradh as an nua ar an spéis sa chlárseach in Éirinn agus i gcleachtadh na cláirsí. Léirítear i dtaighde go bhfuil líonra náisiúnta de ghairmithe cláirsí fíor-chruthaitheach a bhfuil borradh fúthu, go leor a bhfuil scileanna agus spéiseanna láidre oideolaíochta acu, agus iad tiomanta do rannpháirtíocht an phobail. Cuireann sé sin deis uathúil i láthair chun forbairt agus marthanacht na cláirsí a neartú don todhchaí.

***Chun dul i ngleic leis sin, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:***

- Tabharfaidh sí aghaidh ar mholtaí sa *Tuarascáil ar Thraidisiún na Cruiteachta in Éirinn* agus sa *Tuarascáil ar Dhéanamh na Cruite in Éirinn*.
- Infheisteoidh sí i dtionscadail lena mbítear in ann stór i seinm na cruite a tharchur, agus iadsan a thacaíonn le saothair nuachumtha agus deiseanna gairmiúla agus rannpháirteacha d'ardchaighdeán.

Is saintréith thábhachtach agus shainiúil de na healaíona traidisiúnta iad stíleanna ealaíonta, miondífriochtaí agus stór atá sonrath do shuíomh nó réigiún ar leith, agus ní mór na saintréithe sin a chothú.

***Chun dul i ngleic leis sin, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:***

- Déanfaidh sí coimisiúnú ar thaighde chun tacaíochtaí agus tionscnaimh iomchuí a shainiú d'fhonn an éagsúlacht stíleanna, miondífriochtaí agus stóir a chaomhnú (lena n-áirítear réimsí cleachtais leochaileacha a dteastaíonn aird uathu laistigh de na healaíona traidisiúnta a shainiú).

Le teacht chun cinn damhsóirí traidisiúnta atá ag iniúchadh foirmeacha eile damhsa i gcomhthéacs a saothair féin cuirtear deis i láthair chun dul i ngleic le triail ealaíonta, tarchur, dul chun cinn gairme agus rannpháirtíocht/forbairt lucht féachana agus é a athbhreithniú.

***Chun dul i ngleic leis sin, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:***

- Déanfaidh sí coimisiúnú ar thaighde agus ar obair i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí acmhainne-damhsa agus bonneagar reatha chun iniúchadh a dhéanamh ar na dúshláin agus na deiseanna atá os comhair damhsóirí sa timpeallacht damhsa i gcoitinne.

## Réimsí Eile as *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* ina bhfuil Leas Straitéiseach ag na hEalaíona Traidisiúnta

***Sa réimse a bhaineann le daoine óga, leanaí agus oideachas (DÓLO), déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:***

- Oibreoidh sí le foireann DÓLO chun athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar reatha sna healaíona traidisiúnta do leanaí agus daoine óga.
- Cuirfidh sí chun cinn agus tabharfaidh sí spreagadh do chruthú agus dáileadh obair sna healaíona traidisiúnta do dhaoine óga agus leanaí.

***Sa réimse idirnáisiúnta, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:***

- Cuideoidh sí le healaíontóirí chun líonraí a thógáil agus comhoibriú thar lear trí infheistiú in iniúchadh ar an bhféidearthacht a bhaineann le tionscadail sula gcuirfidh siad an tionscadal ar fáil.
- Oibreoidh sí i ndlúthchomhar le Cultúr Éireann chun tionscnóirí idirnáisiúnta a mhealladh chun féachaint ar na healaíona traidisiúnta in Éirinn agus cuideoidh sí le healaíontóirí leis an malartú ealaíonta idirnáisiúnta, le comhoibriú agus i gcur chun cinn a gcuid oibre.
- Déanfaidh sí iniúchadh ar an bhféidearthacht chun comhoibriú leis na náisiúin Cheilteacha agus le comhairlí ealaíon chun tacaíocht struchtúrach a leagan síos.